



An Bhruiséil, 5 Meán Fómhair 2025
(OR. en)

12325/25

ENER 417
ENV 783

NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"

ó:	Ardrúnaíocht na Comhairle
chuig:	Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle
Ábhar:	RIALACHÁN (AE) .../... ÓN gCOIMISIÚN an XXX lena gceartaítear agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2023/1670 ón gCoimisiún lena leagtar síos ceanglais maidir le héicidhearthóireacht i dtaca le fóin chliste, fóin phóca nach fóin chliste iad, fóin shiúil agus ríomhairí táibléid de bhun Threoir 2009/125/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2023/826 ón gCoimisiún – Cinneadh gan cur i gcoinne an ghlactha (nós imeachta rialúcháin lena ngabhann grinnscrúdú)

1. Agus an beart atá beartaithe a bheith i gcomhréir le tuairim an choiste ábhartha, chuir an Coimisiún an dréachtbheart¹ thuasluaite faoi bhráid na Comhairle le go ndéanfar grinnscrúdú air i gcomhréir leis an nós imeachta in Airteagal 5a(3)(a) de Chinneadh 1999/468/CE ón gComhairle². Tar éis don Choimisiún an dréachtbheart a thíolacadh an 14 Iúil 2025, beidh go dtí an 10 Deireadh Fómhair 2025 ag an gComhairle chun cinneadh a dhéanamh cur i gcoinne an ghlactha.

¹ 11944/25 + ADD 1

² Cinneadh 1999/468/CE ón gComhairle an 28 Meitheamh 1999 lena leagtar síos na nósanna imeachta maidir le feidhmiú na gcumhachtaí cur chun feidhme arna dtabhairt don Choimisiún (IO L 184, 17.7.1999, lch. 23), arna leasú le Cinneadh 2006/512/CE (IO L 200, 22.7.2006, lch. 11).

2. Iarradh ar na toscaireachtaí aon bharúlacha maidir leis an gcomhad sin a chur isteach faoin 25 Lúnasa 2025. Níor thug na toscaireachtaí le fios go bhfuil aon chúis le cur i gcoinne an dréachtbhirt atá i gceist ar na forais a thuairiscítear i gCinneadh 1999/468/CE ón gComhairle, is é sin:
- go sáraítear na cumhachtaí cur chun feidhme dá bhforáiltear san ionstraim bhunúsach;
 - go bhfuil sé neamh-chomhoiriúnach le haidhm nó le hinneachar na hionstraime bunúsaí; nó
 - nach n-urramaítear prionsabail na coimhdeachta nó na comhréireachta.
3. Iarrtar, dá bhrí sin, go molfadh Coreper go ndearbhódh an Chomhairle nach bhfuil aon fhorais ann chun cur i gcoinne an dréachtbhirt. Ciallaíonn sé sin, mura gcuirfidh Parlaimint na hEorpa ina aghaidh, go bhféadfaidh an Coimisiún an beart atá beartaithe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 5a(3)(d) de Chinneadh 1999/468/CE ón gComhairle.
-